



COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL
COISTÍ UM BEARTAS STRAITÉISEACH
CLAR BEARTAIS BLIANTÚIL 2021





CLÁR NA N-ÁBHAR

Réamhrá

Forbartha Beartais & Struchtúr Rialachais

Creat Oibríochtúil an Chláir Bheartais

Baill na gCoistí um Beartas Straitéiseach

Clár Beartais Chomhairle Contae Fhine Gall 2021

- Gníomhú Aeráide, Bithéagsúlacht, Comhshaol
- Forbairt Pobail, Oidhreacht, Cultúr & Cruthaitheacht
- Fiontar Eacnamaíoch agus Forbairt Turasóireachta
- Tithíocht
- Pleanáil Forbairt Straitéiseach Iompair & Bonneagair
- Bainistíocht Iompair agus Bonneagair

Aguisín 1 - Plean Corparáideach 2019-2024 Téamaí, Tosaíochtaí Straitéiseacha agus Cuspóirí Straitéiseacha

Aguisín 2 - Nithe molta ag Comhaltaí Tofa lena mbreithniú/lena gcur sna Cláir SPC do 2021




Réamhrá

Déanann Grúpa Beartas Corparáideach na Comhairle Contae Clár Beartais Bhliantúil 2021 de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall a thiomsú agus a chomhaontú i gcomhthéacs na físe uileghabhálaí chun go mbeidh Fine Gall ina “áit den scoth chun cónaí, obair, cuairt a thabhairt agus gnó a dhéanamh”.

Tá a Misean, a Téamaí, a Tosaíochtaí Straitéiseacha agus a Cuspóirí Straitéiseacha thar théarma oifige cúig bliana na Comhairle leagtha amach i bPlean Corparáideach na Comhairle. Treoraíonn an Clár Beartais Bhliantúil na tosaíochtaí agus na cuspóirí sin agus leagann sé amach na hábhair bheartais atá le breithniú ag na Coistí um Beartais Straitéiseacha i rith na bliana. Nuair a bheidh siad measta, déanfaidh an Grúpa um Beartas Corparáideach agus, sa deireadh, an Chomhairle iomlán aon mholtaí ó na SPCanna a bhreith lena mbreithniú agus lena nglacadh mar Ráitis agus mar Chuspóirí Beartais.

Ta **Ordlathas Pleananna agus Cuspóirí** sa struchtúr forbartha beartais leagtha amach sa tábla thíos-



Tá na Téamaí agus na Tosaíochtaí Straitéiseacha, mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach, thíosliostaithe agus soláthraíonn siad an creat ina ndéanfaidh na Comhaltaí Tofa beartais a mheas agus a fhorbairt trí chreat forbartha beartais na Comhairle -


Tagairt	Téama	Tosaíocht Straitéiseach
T1	Caighdeán na Beatha	
T1.SP1		Tacú le Riachtanais Éagsúla Mhuintir Fhine Gall
T1.SP2		A chinntiú go bhfuil ár bPobail Reatha agus Nua Sábháilte, Ionchuimsitheach agus Inbhuanaithe
T1.SP3		Rannpháirtíocht a fhorbairt lenár bPáirtithe Leasmhara
T2	Timpeallacht ardchaighdeán agus athléimneach ó thaobh aeráide de	
T2.SP4		Gníomh maidir le hAthrú Aeráide
T2.SP5		Ár gComhshaol agus ár nOidhreacht a Chosaint



T3	Timpeallacht Ghnó Ardchaighdeáin	
T3.SP6		Fás Geilleagrach Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn agus a Chumasú
T3.SP7		Turasóireacht Inbhuanaithe a Fhás agus a Chumasú
T3.SP8		Bonneagar Straitéiseach a Sholáthar agus a Chothabháil
T4	Cáilíocht inár gcuid Oibre	
T4.SP9		Daonlathas, Rialachas, Oscailteacht agus Trédhearcacht a Fheabhsú
T4.SP10		Seirbhísí Ardchaighdeáin a Chur ar fáil
T4.SP11		Forbairt Eagraíochta agus Foirne a Neartú

Tá liosta iomlán na dtéamaí, na dtosaíochtaí Straitéiseacha agus na gCuspóirí Straitéiseacha atá sa Phlean Corparáideach 2019 – 2024 leagtha amach in Aguisín 1.

Struchtúr Forbartha Beartais & Rialachais



Soláthraíonn an creat forbartha beartais, ar a bhfuil an Chomhairle Contae iomlán, an Grúpa Beartais Chorparáidigh agus na Coistí um Beartais Straitéiseacha, struchtúr rialachais chun éifeachtacht forbartha beartais laistigh den Údarás Áitiúil a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh air.

Comhlíonann an **Grúpa Beartais Chorparáidigh**, atá comhdhéanta de Chathaoirligh na SPCanna, ról straitéiseach ag nascadh agus ag déanamh monatóireachta ar obair na SPCanna éagsúla agus ag éascú fóraim inar féidir seasaimh beartais a théann i bhfeidhm ar an gcomhairle iomlán a chomhaontú lena gcur faoi bhráid na comhairle iomláine. Seo a leanas ról an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh:

- An Buiséad Bliantúil a ullmhú
- An Plean Corparáideach cúig bliana a ullmhú agus an mhaoirseacht ghaolmhar a dhéanamh air
- Cláir Oibre SPCanna a ullmhú, a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Breithniú/monatóireacht ar cheisteanna ar ábhar imní ginearálta don Chomhairle iad nó ábhair a bhaineann le tacaíocht Chomhaltaí na Comhairle.



Cuireann **Coistí Straitéiseacha Beartais** ar chumas Comhaltaí Tofa a ról mar lucht déanta beartas a chomhlíonadh trí fhócas a sholáthar dá n-ionchur i dtiomsú beartas, trí dheiseanna do chomhpháirtíocht le leasanna áitiúla a chruthú agus tríd a ról mar cheannairí a n-údaráis agus an phobail áitiúil a neartú.

Breithníonn na SPCanna ábhair maidir le foirmlíú, forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú na mbeartas a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis Áitiúil agus chuireann siad comhairle ar an údarás ar na hábhair sin. Agus an ról seo á chomhlíonadh aige, tugann an Clár Oibre a chomhaontaíonn an CPG treoir don SPC agus tuairisceoidh sé, tríd an gCathaoirleach, don CPG agus don Chomhairle Contae.

Ullmhaítear na Cláir Oibre seo i gcomhthéacs an Phlean Chorporáidigh agus an Phlean Bhliantúil um Sheachadadh Seirbhísí agus cuirtear na cuspóirí buiséadacha mar atá leagtha amach i mBuiséad Bliantúil 2020 san áireamh.

Buaileann SPCanna le chéile gach ráithe ar a laghad, nó chomh minic agus a mheasann Comhaltaí an SPC é a bheith riachtanach, chun an Clár Oibre Bliantúil a sheachadadh.

Creat Oibriúcháin an Chláir Bheartais

Feidhmeoidh an t-idirghníomhú idir an Chomhairle iomlán, an CPG agus an SPC mar seo a leanas:

1. Aontóidh an Grúpa um Beartas Corparáideach, le tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach, Cláir Bheartais Bliantúil do gach SPC ábhartha. Iarrfar aighneachtaí ó Chomhaltaí na Comhairle, ó Chomhaltaí SPC agus ó Fheidhmeannas na Comhairle. Breithneoidh an CPG ina ndéanfaidh SPCanna saincheisteanna a iniúchadh.
2. Is é Cathaoirleach an SPC agus an Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha a chruthóidh Clár Oibre an SPC agus féadfaidh sé aon ábhar a bhaineann le gnó an SPC a chur san áireamh. Ní féidir moltaí beartais a dhéanamh ach ar ábhair a áirítear ar an gClár Beartais Bliantúil comhaontaithe.
3. Féadfar aon ábhair a thagann chun cinn a mheastar go mba chóir iad a áireamh ar an gClár Beartais Bliantúil a chur isteach lena gcomhaontú leis an CPG. Is faoin CPG a bheidh sé tosaíocht a athordú nó ní a chur leis na Cláir Bheartais Bhliantúla.
4. Nuair a bheidh sé aontaithe ag leibhéal an SPC, cuirfidh Cathaoirleach an SPC, le tacaíocht ón Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha, moltaí beartais faoi bhráid an CPG lena gcinneadh i dtosach. Féadfaidh an CPG cead a thabhairt go rachaidh moladh ar aghaidh chuig an gComhairle Contae le leasú nó gan leasú nó féadfaidh sé é a chur ar ais chuig an SPC le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe.
5. Tar éis cead a fháil ón CPG, cuirfidh Cathaoirleach an SPC, le tacaíocht ón Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha, moltaí Beartais SPC faoi bhráid na Comhairle Contae a d'fhéadfadh iad a ghlacadh, le leasú nó gan leasú nó a d'fhéadfadh iad a dhiúltú.
6. Nuair a eascraíonn impleachtaí airgeadais as moladh maidir le Beartas SPC, nuair a bheidh sé faofa, ní féidir é a feidhmiú ach amháin go dtí go mbeidh buiséad tacaíochta iomchuí i bhfeidhm.
7. Cuirfidh Cathaoirleach na SPCanna, le tacaíocht ón Stiúrthóir Seirbhíse, tuarascálacha ar dhul chun cinn na gClár Beartas Bliantúil ar fáil don CPG agus don Chomhairle Contae.

Ballraíocht an Choiste um Beartas Straitéiseach

	SPC - GNÍOMHU AERÁIDE, BITHÉAGSÚLACHT, COMHSHAOL	Limistéar Toghcháin	Páirtí
Cathaoirleach	DAVID HEALY	Binn Éadair/Mull Íde	an Comhaontas Glas
Comhairleoir	Mary McCamley	Baile Bhl-Mul/Cais. Chnoca/Ongar -	Lucht Oibre
Comhairleoir	Joe Newman	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Neamh-Pháirtí



Comhairleoir	Paul Mulville	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Daon. Sóis.
Comhairleoir	Ian Carey	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	an Comhaontas
	SPC - FORBAIRT POBAIL, CULTÚR OIDHREACHT & CRUTHAÍOCHT	Limistéar Toghcháin	Páirtí
Cathaoirleach	AARON O'ROURKE	Baile Bh-Mul/Cais. Chnoca/Ongar	Sinn Féin
Comhairleoir	Freddie Cooper	Baile Bh-Mul/Cais. Chnoca/Ongar	Fianna Fáil
Comhairleoir	John Walsh	Baile Bh-Mul/Cais. Chnoca/Ongar	Lucht Oibre
Comhairleoir	Grainne Maguire	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Neamh-Pháirtí
Comhairleoir	Seána Ó Rodaigh	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Lucht Oibre
Comhairleoir	Cathal Boland	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Neamh-Pháirtí
Ionchuisitheacht Shóisialta	Hiwa Wahab		
PPN	Abbi Wise		
Env	Liz Madden		

	SPC - FIONTAR GEILLEAGRACH & FORBAIRT TURASÓIREACHTA	Limistéar Toghcháin	Páirtí
Cathaoirleach	TONY MURPHY	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Neamh-Pháirtí
Comhairleoir	Darragh Butler	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Fianna Fáil
Comhairleoir	Pamela Conroy	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	an Comhaontas Glas
Comhairleoir	Tom O'Leary	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Fine Gael
Comhairleoir	Siobhan Shovlin	Blanch-Mul/C'knock/Ongar	Fine Gael
Comhairleoir	Breda Hanaphy	Blanch-Mul/C'knock/Ongar	Sinn Féin
Comhairleoir	Howard Mahony	Blanch-Mul/C'knock/Ongar	Fianna Fáil
Comhairleoir	Anthony Lavin	Binn Éadair/Mull Íde	Fine Gael
Chambers	Anthony Cooney		
ICTU	Eric Fleming		
PPN	David Normoyle		
PPN	Kesava Gollapalli		

	SPC - TITHÍOCHT	Limistéar Toghcháin	Páirtí
Cathaoirleach	ROBERT O'DONOGHUE	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Labour
Comhairleoir	Brigid Manton	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Fianna Fáil
Comhairleoir	Adrian Henchy	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Fianna Fáil
Comhairleoir	James Humphreys	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Lucht Oibre
Comhairleoir	Natalie Treacy	Blanch-Mul/C'knock/Ongar	Sinn Féin
Comhairleoir	Daniel Whooley	Blanch-Mul/C'knock/Ongar	an Comhaontas Glas
Comhairleoir	John Burtchaell	Blanch-Mul/C'knock/Ongar	Solidarity
Comhairleoir	Kieran Dennison	Blanch-Mul/C'knock/Ongar	Fine Gael



Chambers	Adeline O'Brien		
ICTU	Finbarr Geaney		
PPN	Michela Benassi		
PPN	Dayakar Reddy Komirelly		

	SPC – PLEANÁIL IOMPAR STRAITÉISEACH & FORBAIRT BHONNEAGAIR	Limistéar Toghcháin	Páirtí
Cathaoirleach	BRIAN DENNEHY	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Fianna Fáil
Comhairleoir	Tania Doyle	Blanch-Mul/C'knock/Ongar	Non-Páirtí
Comhairleoir	Dean Mulligan	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Ind 4 Change
Comhairleoir	Punam Rane	Blanch-Mul/C'knock/Ongar	Fine Gael
Comhairleoir	Tom Kitt	Blanch-Mul/C'knock/Ongar	Fianna Fáil
Comhairleoir	Brian McDonagh	Binn Éadair/Mull Íde	Lucht Oibre
Env	Kieran O'Neill		
Chambers	LBD		
PPN	Greg Farrell		

	SPC - BAINISTÍOCHT IOMPAIR & BONNEAGAIR	Limistéar Toghcháin	Páirtí
Cathaoirleach	TED LEDDY	Baile Bhl-Mul/Cais. Chnoca/Ongar	Fine Gael
Comhairleoir	Ann Graves	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	Sinn Féin
Comhairleoir	Karen Power	Baile b/Sord/An Ros -Lusca	an Comhaontas Glas
Comhairleoir	Jimmy Guerin	Binn Éadair/Mull Íde	Neamh-Pháirtí
Comhairleoir	Eoghan O'Brien	Binn Éadair/Mull Íde	Fianna Fáil
Comhairleoir	Joan Hopkins	Binn Éadair/Mull Íde	Daon. Sóis.
Env	Raymond Ryan		
Chambers	Sinead Kavanagh		
PPN	Doreen Keaney		

Clár Beartais Chomhairle Contae Fhine Gall 2021

Leagann an méid seo a leanas amach na Cláir Bheartais atá le breithniú ag na Coistí um Beartais Straitéiseacha le linn 2021.

Gníomh Aeráide, Bithéagsúlacht, Comhshaol

Téama/Ceist Bheartais
Gníomhartha um Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht
Cumarsáid agus Feasacht, lena n-áirítear cúnamh do Ghníomhaíocht Chomhshaoil Áitiúil



Dumpáil Mídhleathach
Athbhreithniú ar Bhainc Bhuidéal
Feasacht Chomhshaoil
Nuashonrú Codema
Cigireachtaí RMCEI
Madraí, Capaill agus Ceisteanna Eile maidir le Leas Ainmhithe

Forbairt Pobail, Oidhreacht, Cultúr & Cruthaitheacht

Téama/Ceist Bheartais
Plean Oidhreachta Fhine Gall 2018 - 2023 - Cur i bhFeidhm
Straitéis Seandálaíochta Pobail Fhine Gall 2019 - 2023 - Cur i bhFeidhm
Plean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall 2018 - 2023 - Cur i bhFeidhm
Athbhreithniú agus Nuashonrú ar Bheartas Ealaíne Poiblí na Comhairle 2021-2025
Athbhreithniú ar Bheartas Óige agus Oideachais na Comhairle 2017-2020
Scéim Oibreacha Leasúcháin Nua d'Ionaid Pobail nach bhfuil faoi úinéireacht CCFG

Fiontar Geilleagrach agus Forbairt Turasóireachta



Téama/Ceist Bheartais
Pleanáil/Forbairt Téarnaimh Gheilleagrach <ul style="list-style-type: none"> a. Dul chun cinn ar athbhreithniú LECP (faoi réir na treorach eisithe ag an Roinn) b. Céad tionscnamh Lár an Bhaile c. Maoiniú Stáit agus AE a threisiú d. Forbairt fiontair áitiúil/Tacaíochtaí gnó e. Pleanáil imeachtaí athléimneacha f. Plean téarnaimh turasóireachta i gcomhar le: - <ul style="list-style-type: none"> i. Fáilte Ireland ii. Turasóireacht Éireann iii. Comhlachas Tráchtála iv. An Roinn Turasóireachta
Tús a chur le hathbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise Turasóireachta 2017-2022
Beartas Gnó Inbhuanaithe agus treoir a fhorbairt <ul style="list-style-type: none"> a. Píolótach Sord Inbhuanaithe b. Deiseanna agus comhoibriú a chur chun cinn idir Forbairt Eacnamaíochta, an LEO agus aonaid Comhshaoil/Gníomhaithe Aeráide
Ár bPlean Athnuachana Balbriggan
Forbairt Tuaithe - Cur i bhfeidhm Chlár Rialacha Trasdula LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath
Straitéis Scileanna Fhine Gall - Cur i bhFeidhm
Plean Fiontair Áitiúil 2021
Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste <ul style="list-style-type: none"> a. Staid an líonra a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
Tithíocht
Téama/Ceist Bheartais
Éire a atógáil
Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine
Scéim Tithíochta Inacmhainne
Athbhreithniú ar an Scéim Cíos Difreálach
Plean Gníomhaithe Comhionannais
Athbhreithniú ar an Scéim Leithdháilte um Thacaíocht do Thithíocht Shóisialta
Athbhreithniú ar an Straitéis um Iompar Frithshóisialta
Moltaí Athraithe Aeráide
Nuashonrú ar Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean
Nuashonrú ar Ghníomhartha an Chláir Chóiríochta um an Lucht Siúil agus ar Ghníomhartha Sábháilteachta Dóiteán
Riarachán na Scéime HAP



Plean Bainistíochta Sócmhainní
Nuashonruithe maidir le haga slánúchain stoic folaimh

Pleanáil Forbairt Straitéiseach Iompair & Bonneagair

Téama/Ceist Bheartais
Plean Forbartha 2023 - 2029
Mór-Staidéir / LAPanna
Glasbhealaí Fhine Gall / Bealaí Rothaíochta
Spás Súgartha - Dréachtbheartas Súgartha Fhine Gall
Beartas um Thógáil i gcúram
Clár na Láithreán Tréigthe
Clár na Láithreán Folamh
Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí
Beartas SUDS
Dréachtphlean Gníomhaithe Bithéagsúlachta

Bainistíocht Iompair agus Bonneagair

Téama/Ceist Bheartais
Beartas Corrthradála
Beartas Reilige



Caighdeán na Beatha

1	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	RIACHTANAIŠ ÉAGSÚLA MHUINTEAR FHINE GALL A THACÚ
1	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	Foráil a dhéanamh d'fhorbairt inbhuanaithe an chontae trí Phlean Forbartha an Chontae a athbhreithniú- agus trí Phlean nua a ullmhú
2		Soláthar tithíochta, idir phoiblí agus phríobháideach, a éascú sa chontae chun roghanna tithíochta inbhuanaithe, ardchaighdeáin, inacmhainne measctha a sholáthar trí ghníomhachtú úsáide talún agus bainistíocht forbartha
3		Caighdeáin na chóiríochta príobháidí ar cíos ar ardchaighdeán a éascú chun cáilíocht na beatha a fheabhsú do dhaoine aonair agus do theaghlaigh atá ina gcónaí san earnáil cóiríochta príobháidí ar cíos
4		Ár ndícheall a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go spreagtar gach pobal i bhFine Gall beag beann ar aois, náisiúntacht, eitneachas, cúlra reiligiúnach nó cultúrtha chun páirt a ghlacadh sna seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle agus chun leas a bhaint astu
5		Réimse poiblí sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais shaoránaigh uile an Chontae
6		Ealaíona agus aitheantas cultúrtha Fhine Gall a fhorbairt agus a fheabhsú, spás a chruthú do na healaíona a nascaidh daoine agus smaointe agus a spreagfaidh rannpháirtíocht i ngach cineál ealaíne.
7		Spásanna agus seirbhísí leabharlainne dinimiciúla agus ionchuimsitheacha a sholáthar don phobal
8		Cultúr agus caitheamh aimsire a thacú agus litearthacht, oideachas agus forbairt gheilleagrach a chumasú trí chlár nuálacha
9		Conairí éifeachtacha a chruthú do shaoránaigh Fhine Gall chun patrúin rannpháirtíochta ar feadh an tsaoil i spórt, i gcaithimh aimsire agus i bhfóillíocht a fhorbairt, stíleanna maireachtála sláintiúla a chruthú agus cur chuige inbhuanaithe a thógáil i leith forbairt spóirt
2	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	A CHINNTIÚ GO ÁR PHOBAIL REATHA AGUS NUA SÁBHÁILTE, IONCHUIMSITHEACH AGUS INBHUANAITHE
10	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	Pleananna a fhorbairt chun méadú an tsoláthair tithíochta sa chontae a éascú
11		Mórtas láidir ceantair, féiniúlacht láidir agus folláine a thógáil trí phobail chomhionanna, ionchuimsitheacha agus nasctha a fhorbairt
12		Tacú le fás comharsanachtaí láidre agus athléimneacha
13		Páirceanna agus spásanna oscailte ar ardchaighdeán a chruthú a fhreastalóidh ar riachtanais na n-úsáideoirí uile agus timpeallacht shláintiúil a chruthú
14		Ceannaireacht chomhoibritheach a chothú i measc páirtithe leasmhara i bhforbairt pobail agus geilleagair áitiúil
15		Tacú le pobail láidre, shábháilte agus rannpháirteacha a fhorbairt chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol cathartha ina gceiliúrtar ár bhféiniúlacht trí na healaíona, cultúr, oidhreacht agus spórt
16		Tacú le pobail áitiúla agus le cónaitheoirí freastal ar riachtanais na ndaoine is leochailí sa tsochaí i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile i bhFine Gall
3	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	RANNPHÁIRTÍOCHT LENÁR BPÁIRTITHE LEASMHARA A FHORBAIRT
17	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	A chinntiú gur féidir lenár saoránaigh, ár ngnólachtaí agus ár n-eagraíochtaí cumarsáid éasca a dhéanamh leis an gComhairle



	18		Plé agus dul i gcomhairle le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara ar bhealach ina ligtear dóibh a dtuairimí a bheith curtha san áireamh, trí úsáid phróiseas reachtúil agus neamhreachtúil araon
	19		Páirtithe leasmhara agus soláthraithe reachtúla a laidriú agus tacú leo trí chomhoibriú leo i bhforbairt gheilleagrach agus shóisialta an chontae
	20		Obair Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Fhine Gall (PPN) a neartú, a thacú agus a leathnú

Timpeallacht	4	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	GNÍOMHÚ AR ATHRÚ AERÁIDE
	21	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	Na gníomhaíochtaí sonracha sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide chun athléimneacht aeráide a fheabhsú a bhaint amach.
	22		Ról ceannaireachta a bheith agat maidir le haistriú go sochaí dhícharbónaithe
	23		Bithéagsúlacht sa chontae a chur chun cinn agus a chosaint agus obair chun éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a athbhunú
	24		Cultúr comhlíonta sa chontae a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú chun gealltanais Gníomhaíochta Aeráide a chur chun cinn
	25		Geilleagar láidir áitiúil a chothú trí ghnólachtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de
	5	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	ÁR gCOMHSHAOIL AGUS ÁR nOIDHREACT A CHOSAINT
	26	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	Oidhreacht thógtha agus chultúrtha an chontae a chur chun cinn agus a chosaint
	27		Carachtar uathúil thírdhreach uirbeach, tuaithe agus cósta Fhine Gall a chur chun cinn
	28		Oidhreacht chultúrtha uathúil Fhine Gall agus an Ghaeilge a thacú
	29		Bainistíocht inbhuanaithe dramhaíola agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn
	30		Tionchar gníomhaíochtaí na Comhairle ar an gcomhshaoil a laghdú
	31		A chinntiú go ndéantar ár gcósta, ár dtránna agus ár n-uiscebhealaí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe

Timpeallacht	6	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	FÁS GEILLEAGRACH INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN AGUS A CHUMASÚ
	32	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	Ceannaireacht chomhoibritheach a chothú maidir le forbairt scileanna sa chontae as seo amach
	33		Tacú le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe Fhine Gall agus í a chur chun cinn
	34		Tacú le feidhmíocht, nuálaíocht, iomaíochas, táirgiúlacht agus rath an ghnó i bhFhine Gall
	35		Tacú le forbairt gheilleagrach áitiúil trí bholscaireacht a dhéanamh ar Fhine Gall mar cheantar chun infheistíocht a dhéanamh ann agus trí thionscnaimh bheartais earnála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
	7	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	TURASÓIREACT INBHUANAITHE A FHÁS AGUS A CHUMASÚ
	36	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	Togra agus margaíocht na turasóireachta sa chontae a neartú
	37		Fhine Gall mar cheann Scríbe Thurasóireachta Bia & Di a éascú



	38		Tionscnaimh turasóireachta bunaithe ar oidhreacht a chur chun cinn ag Ionaid Oidhreachta Fhine Gall
	39		Eispéiris cuairteoirí a bharrfheabhsú agus a leathnú ag gach áit agus imeacht i bhFine Gall a mheallann chuairteoirí
	8	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	BONNEAGAR STRAITÉISEACH A CHUR AR FÁIL AGUS A CHOTHABHÁIL
	40	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	Tailte a ghníomhachtú trí bhonneagar a sholáthar chun seachadadh tithíochta, forbairt eacnamaíoch agus pobail inbhuanaithe a éascú
	41		Córas iompair inbhuanaithe a sholáthar do gach saoránach
	42		Cláir oibre lena bhforbraítear agus lena chothaítear bonneagar straitéiseach, fisiceach agus glas an chontae a sheachadadh

CÁILÍOCHT IN ÁR gCUID OIBRE	9	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	DAONLATHAS, RIALACHAS, OSCAILTEACTH AGUS TRÉDHEARCTHACHT A FHEABHSÚ
	43	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	Seirbhís den chaighdeán is airde a chur ar fáil dár gComhairleoirí agus do gach ionadaí tofa
	44		Dea-rialachas, oscailteacht agus trédhearcacht a chinntiú laistigh den Chomhairle
	45		A chinntiú go gcomhlíontar feidhmeanna daonlathacha na Comhairle ar bhealach oscailte, eolasach agus éifeachtach
	46		Saoránaigh a chur ar an eolas trí chláir chumarsáide éifeachtacha
	10	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	SEIRBHÍSÍ ARDCHAIGHDEÁIN A SHEACHADADH
	47	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	Seirbhísí a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla
	48		Cultúr fheabhsaithe leanúnaigh a chothú i ngach ceann dár gníomhaíochtaí
	49		Teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun ár n-ionad oibre agus seachadadh ár seirbhísí a chumasú agus a athrú ó bhonn
	50		Prionsabail an dea-dhearaidh, an tseachadta, na bainistíochta agus na cinnteoireachta feasaí a chur i bhfeidhm ar gach tionscadal, clár agus seachadadh seirbhísí
	51		Oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn cothroime agus éifeachtúlacht don phobal atá á chosaint agus dóibh siúd atá á rialáil
	52		Dualgas na hEarnála Poiblí a chomhlíonadh faoi Acht Choimisiún na hEireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014
	11	TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH	FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL AGUS FOIRNE A NEARTÚ
	53	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	Fórsa saothair na todhchaí a thógáil trí bhaill foirne ardchaighdeán agus féinspreagtha a earcú, a choinneáil agus a fhorbairt
	54		Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine a chosaint agus a chur chun cinn i measc ár bhfoirne
	55		Inniúlacht agus cumas na heagraíochta a fhorbairt
56		An eagraíocht a bhainistiú go héifeachtach	



Aguisín 2 - Nithe molta ag Comhaltaí Tofa lena mbreithniú/lena gcur sna Cláir SPC do 2021

SPC - Pleanáil Iompair Planning Strategic Transport & Infrastructure Development SPC

1. Clár na Láithreán Tréigthe
2. Clár na Láithreán Folamh

SPC - Forbairt Pobail, Cultúr Oidhreacht & Cruthaíocht

1. Go ndéanfaidh An Chomhairle scáth-árachas a sholáthar d'fhonn gach Baile Slachtmhar/Grúpa Pobail atá cláraithe leis an PPN a chlúdach chun críocha sainráite gníomhaíochtaí ísealriosca atá chun leasa suntasach an phobail agus atá mar shíneadh ar an gcomhairle féin (gníomhaíochtaí clúdaithe le bheith teoranta do bhailiú bruscair/phlandáil/phéinteáil & do graifítí a bhaint.)
2. Scéim tionscadail pobail a chur i bhfeidhm faoi stiúir na Comhairle do cheantair ina bhfuil grúpaí pobail nua nó do cheantair nach bhfuil aon ghrúpa pobail gníomhach acu.

SPC – Forbairt Iompair & Turasóireachta

1. Beartas “Bonneagar ar dTús” lena mbaineann ceanglas lánaí rothar/cosáin/rochtain ar iompar poiblí a sholáthar roimh an gcéad chéim d'aon eastát tithíochta ná ag comhuaineach leis.
2. Athbhreithniú tréimhsiúil ar shuímh atá criosaithe faoi láthair le haghaidh tithíochta agus atá lonnaithe ar thuilemhánna.
3. Beartas de réir chuspóir cháilíocht beatha na Comhairle féin - réimse poiblí ata sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar chun freastal ar riachtanais gach saoránach - lena n-áirítear ach gan é a bheith teoranta do gheataí aonfhir a bhaint/ soilsiú poiblí agus leithris inrochtana poiblí a sholáthar.
4. Leathadh grin ar Ghlasbhealaí/Lánaí Rothaíochta i rith an gheimhridh
5. Ceadanna HGV - eisiúint/ aip rianaithe.
6. Líon oiriúnach bána atá inrochtana do chathaoireacha rothaí/aoisbháúil/lódála a sholáthar i ngach sráidbhaile agus limistéar áineasa.
7. Limistéir snámha ainmnithe agus chosanta le háiseanna uilíochta a sholáthar ar gach trá
8. Áiseanna Comhroinnte Gluaisteán a sholáthar i ngach sráidbhaile
9. Scairdeáin uisce poiblí a sholáthar i ngach sráidbhaile
10. Stáisiúin deisiúcháin rothar a sholáthar i ngach sráidbhaile agus in aice le féarbhealaí
11. Cláir oibre le haghaidh uasghráduithe ar Pháirceanna agus art Spásanna Oscailte a bhreith

SPC - Gníomhú Aeráide, Bithéagsúlacht, Comhshaol

1. Spriocanna agus dul chun cinn astaíochtaí ar fud an chontae a thomhas agus a fhoilsiú
2. Conairí Bithéagsúlachta a Chruthú/Bithéagsúlacht a Chosaint ar fud an Chontae.
3. Nach ndéanfaidh An Chomhairle ach pailneoirí a úsáid agus a sholáthar
4. An Chomhairle a bheith 'saor ó lotnaidicídí'
5. Córais lomtha na Comhairle a ghearradhrsiar agus “No Mow May” a chur i bhfeidhm ar fud an chontae.



6. Butaí uisce & boscaí bruscair athchúrsála a sholáthar i ngach sráidbhaile
7. Na tailte poiblí go léir a chlárú, go sonrach tránna nach bhfuil cláraithe go fóill.
8. Comharthaí oideachasúla maidir le SACanna sa Chontae a chrochadh.
9. Feasacht a chur chun cinn ar fud an chontae ar na bearta is féidir le cónaitheoirí agus gnóthais a dhéanamh chun a lorg carbóin a laghdú, chun tacú le bearta coiscithe tuile, agus chun bithéagsúlacht a chur chun cinn.
10. Laghdú agus deighilt dramhaíola sa Chontae a chur chun cinn.
11. Leas Ainmhithe